



SCÉIM CÍOSA DHIFREÁLAIGH 2013

De réir Alt 31 d'Acht na dTithe 2009, molaim go mbainfeadh an Scéim Cíos Dífreálach seo a leanas le réimse riaracháin na Comhairle agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm ón 27 Aibreán 2013.

1. Athbhreithniú Bliantúil ar Chíos

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar chíosanna faoin scéim seo, agus is é an Satharn deiridh i mí Aibreáin an dáta éifeachtach.

2. Cíos a Ríomh

Déanfar cíosanna teaghaisí a ríomh mar chomhréir de "ioncam inmheasúnaithe" den phríomhshaothraí mar aon le ranníocaíocht ó aon fho-thuillitheoirí sa teaghlach a shainítear faoi Alt 3.

Déanfar an cíos atá inchurtha i leith an Phríomhshaothraithe a ríomh ag 12% den ioncam inmheasúnaithe.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar an gcíos is iníoctha i leith an phríomhshaothraí, beidh feidhm ag an méid seo a leanas do Thuillitheoirí Fochuideachta:

Ríomhfar an cíos ag 12% d'ioncam gach foshaothraí go dtí uasmhéid €40.00 in aghaidh na seachtaine in aghaidh an Fhoshaothraí.

3. Sainmhínithe

Príomhshaothraí

Is é an Príomhshaothraí an duine atá ag fáil an ioncaim inmheasúnaithe is airde.

Saothróir Fochuideachta

Is ball den teaghlach atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn é an saothróir fochuideachta nó foshaothraí, seachas príomhshaothraí, a bhfuil ioncam aige nó aici nó atá i dteideal ioncaim.

4. Sainmhíniú ar "ioncam inmheasúnaithe"

Sa Scéim seo tagraíonn "ioncam inmheasúnaithe" d'ioncam gach duine agus tá an bhrí a shanntar leis mar a leanas:

I gcás faighteoirí Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear iad siúd ar Shochar Corr Liúntas Cuardaitheora Poist agus Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh nó aon íocaíochtaí Coimirce Sóisialaí eile, is é an "t-ioncam inmheasúnaithe" an ráta íocaíochtaí atá i bhfeidhm ag an Roinn Coimirce Sóisialaí don tréimhse faoi mheas. Áirítear leis seo íocaíochtaí breisithe dóibh siúd atá fostaithe/féinfhostaithe.

Is é “ioncam inmheasúnaithe” duine fostaithe ná an pá comhlán lúide cáin, Árachas Sóisialach

Pá-Choibhneasa agus MSU de réir an P60 don bhliain chánach roimh an tréimhse faoi athbhreithniú.

Tá íocaíochtaí ragoibre, liúntais sealaíochta, bónais agus coimisiún san áireamh i ríomh cíosa.

Dóibh siúd a bhfuil fostaíochtaí iomadúla acu ní mór P21 don bhliain chánach roimh an tréimhse

faoi athbhreithniú a sholáthar i dteannta leis an P60 don bhliain chánach roimh an tréimhse faoi athbhreithniú do gach fostaíocht.

Dóibh siúd a thiocfaidh chun bheith fostaithe tar éis dháta tosaigh an athbhreithnithe seo, déanfar cíós a mheasúnú bunaithe ar dhearbhu a fháil ar ais ón bhfostóir nua chun meán-ghlanioncam seachtainiúil a leagan amach.

Ní MÓR don tionónta an fhoirm dar teideal “Ioncam a Fuarthas ó Fhostaíocht” a sheoladh ar ais, don duine sin i bhfostaíocht nua. I gcás daoine féinfhostaithe, tá an “t-ioncam inmheasúnaithe” bunaithe ar an bhfógra Measúnachta is déanaí atá ar fáil. Ní mór an doiciméad seo a bheith do bhliain airgeadais nach mó ná 2 bhliain níos sine ná an tréimhse faoi athbhreithniú.

Mura bhfaightear fianaise dhoiciméadach shásúil, nó má éiríonn daoine féinfhostaithe tar éis dáta tosaithe na Scéime seo, déanfar cíós a mheas ar “ioncam inmheasúnaithe” seachtainiúil de €500.00, a cheartófar a luaithe a thaiscfear an Fógra Measúnaithe ina dhiaidh sin.

Tá gach foinse ioncaim eile inmheasúnaithe le haghaidh cíosa cé is moite díobh siúd atá liostaithe in Alt (6) thíos.

Ba chóir a thabhairt faoi deara, sa chás go n-iarrann an Chomhairle go sonrach sonraí ioncaim ar leith a thabhairt ar ais, forchoimeádan sí an ceart i gcás teipe ar thaobh tionónta an fhaisnéis sin a sholáthar, ioncam a ghlacadh chun críche measúnaithe.

5. Tugtar neamhaird ar ioncam ó na foinsí seo a leanas/faoi réir neamhaird pháirteach mar a shanntar:

Déantar neamhaird iomlán de – mhíreanna a) go j)

- a) Sochar linbh, liúntais dílleachtaí nó pinsin dílleachtaí
- b) Liúntais is iníoctha i leith leanaí altrama.
- c) Liúntais le haghaidh cúram baile do leanbh atá faoi mhíchumas trom.
- d) Liúntas Míchumais dóibh siúd faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- e) Deontais Cúraim Faoisimh.
- f) Deontais Ardoideachais.

- g) Liúntas Breosla.
- h) Liúntas Maireachtála Aonair.
- i) Liúntas Breise do dhaoine atá 80 bliain d'aois agus os a chionn.
- j) Cúnamh a fhaightear ó aon eagraíocht charthanúil.

Neamhaird pháirteach

k) Ioncam ón gClár Fostaíochta Pobail

I gcás ina méadaítear ioncam duine mar thoradh ar rannpháirtíocht sa Chlár Fostaíochta Pobail ní mhéadófar cíos an tionónta mar thoradh ar rannpháirtíocht den sórt sin ach amháin ar feadh tréimhse carnach 3 bliana.

l) Liúntas um Fhilleadh ar Obair I gcás cíosa sheasta, ní bheidh aon mhéadú i bhfeidhm. Féadfaidh tionóntaí rogha a dhéanamh cíos a íoc

Ní dhéanfar cíos aon tionónta atá deimhnithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí a bheith rannpháirteach sa Scéim Liúntais um Fhilleadh ar Obair a mhéadú ach amháin mar thoradh ar rannpháirtíocht den sórt sin ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ó dháta an deimhnithe, chomh fada agus nach sáraíonn an t-ioncam comhlán ón Scéim um Fhilleadh ar Obair agus fostaíocht/féinfhostaíocht €500 in aghaidh na seachtaine.

6. Cíosanna Seasta

I gcás cíosa sheasta, ní bheidh aon mhéadú i bhfeidhm. Féadfaidh tionóntaí rogha a dhéanamh cíos a íoc ar bhonn ioncam de réir fhorálacha na Scéime seo.

7. Cíos Íosta

Beidh íoschíos €22.00 i bhfeidhm maidir le gach teaghais ar cíos.

8. Cruatan

I gcás go mbeadh cruatan mar thoradh ar íoc cíosa arna ríomh de réir na Scéime seo, féadfaidh an Bainisteoir glacadh le suim níos lú ó thionónta ar feadh tréimhse sonraithe.

9. Buiséad Teaghlaigh/Buan-Ordú

Tá sé mar bheartas ag gach ligean ar cíos, nuair is cuí, go gcaithfidh an tionónta foirm asbhainte Buiséad Teaghlaigh/Ordú Buan a shíniú.

10. Athrúithe ar Ioncam nó ar Chúinsí Teaghlaigh

I gcás duine ar mian leis/léi bogadh isteach i dteaghais shóisialta tá dualgas ar an Tionónta/ na Tionóntaí foirm “cuimsiú cíosa” a chomhlánú. Ní bheidh cead ag aon duine bogadh isteach i gcás ar bith i dteaghais shóisialta mura dtugann an Chomhairle cead i scríbhinn don tionónta. Déanfaidh an cíos athbhreithnithe a mheasúnú de réir théarmaí agus choinníoll na Scéime seo.

I gcás daoine a bhogann amach as teaghais shóisialta, tá dualgas ar an tionónta fógra a thabhairt don Chomhairle agus fianaise dhoiciméadach shásúil ar sheoladh malartach a sholáthar chun an cuntas cíosa a athrú.

Ní mór do thionóntaí a fhulaingíonn athrú buan ar ioncam teaghlaigh (méadú nó laghdú) iarratas a dhéanamh go ndéanfaí measúnú ar a gcíos.

Sainmhínítear sa chomhthéacs seo mar athrú ar ioncam gur chosúil go mbeidh sé á shíneadh go dtí 3 mhí nó níos mó agus caithfear fianaise dhoiciméadach chun tacú le haon athruithe ar chúinsí a chur isteach. Cuirfear measúnuithe cíosa dá leithéid i bhfeidhm ó dháta éifeachtach an athraithe agus d'fhéadfadh go mbeadh siad faoi réir creidmheasanna agus dochair chúlghabhálacha.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag tionóntaí go bhfuil aon doiciméadú a chuirtear isteach go déanach nó i gcásanna neamhdhearbhaithe ioncam, cuirfear méadú nó laghdú cíosa i bhfeidhm go cúlghabhálach.

11. Pionóis

Tá sé de fhreagracht ar an tionónta/na tionóntaí sonraí iomlána agus cruinne a sholáthar ar chomhdhéanamh an teaghlaigh agus ioncam.

féadfar cíós na dteaghlach sin a mheasúnú ar an mbonn seo a leanas:

Cíos ríofa deireanach móide €10.00 in aghaidh na seachtaine do gach seachtain go dtí go gcuirtear an t - eolas a theastaíonn isteach. Féadfar aon athrú cíosa iarmhartach a shiardhátú.

12. Táillí Breise

Coimeádann an Chomhairle an ceart chun táillí breise a ghearradh ar roinnt réadmhaoine

chun costais bhreise a chlúdach maidir le seirbhísí breise a cuireadh ar fáil dóibh.